



Nuacht Fhine Gall

Eagrán Geimhridh

LAISTIGH

Séasúr na Nollag i bhFine Gall
Séasúr na Nollag Inbhuanaithe
Taisteal Gníomhach i bhFine Gall

- leathanach 7
-leathanach 12
-leathanach 19

Clár ábhair

Fine Gall i bhFoirm Uimhreacha	5
Tugann an Taoiseach cuairt ar mhór-fhorbairt tithíochta nua atá ar bun i bhFine Gall	6
Cuirfear tús le comhaireamh síos na Nollag an deireadh seachtaine seo i bhFine Gall	7
An Geimhreadh i Leabharlanna Fhine Gall	8
Seirbhísí breise de chuid Leabharlanna Fhine Gall	9
Iarracht Mhór ar Chumhacht an Troitheáin	10
Garsprioc Nua ag Slí Chósta Fhine Gall	11
Festive Season in Fingal	12
Tosaíonn pobal Shoird ag cabhrú le mórfháirc a mhúnlú don todhcaí	14
Séasúr na Féile Inbhuanaithe	15
Déanann Comhairle Contae Fhine Gall comhghairdeas le Grúpaí na mBailte	16
Slachtmhara ar bhliain rathúil eile in 2022	
Naoi ngradam d'Fhine Gall ag Gradaim Institiúide Tírdhreacha na hÉireann	17
In It Together	18
Deiseanna Fostaíochta	19
Do Chomhairleoirí	20





Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá séasúr na Nollag faoi lán seoil anois agus is iontach an rud é an oiread sin daoine a fheiceáil lasmuigh ag baint sult as na himeachtaí iontacha atá ar siúl ar fud an Chontae. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le m'fhoireann go léir as na deiseanna seo a chur ar siúl agus as a n-iarrachtaí an oiread sin tionscnamh eile a chur ar fáil thar na bliana 2022.

Cé gur tugadh faoi go leor tionscadal i mbliana, díriodh anchuid dár gcuid oibre ar Dhréachtphlean Forbartha Fhine Gall (2023-2029). Cabhróidh a leithéid le cruth a chur ar Fhine Gall sna blianta atá romhainn maidir le saincheisteanna tábhachtacha mar an tithíocht, mar an bhforbairt eacnamaíoch, mar chúrsaí an phobail agus mar an oidhreacht. Táimid ag druidim níos gaire anois do ghlacadh leis an eagrán deiridh den phlean, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na Comhairleoirí agus le foireann Fhine Gall as a gcuid oibre gan stad le linn an phróisis ar fad.

Chomh maith leis sin, bhí áthas orm fáilte a chur roimh fhaomhadh na gComhairleoirí i leith Ceathrú Chultúrtha Shoid. Tá sé seo ar cheann de na tionscadail is suntasaí sa Chlár Caipitil againne agus cabhróidh sé le Leabharlann Chontae nua den scoth a chur ar fáil chomh maith le gailearaí ealaíne agus spás taispeántais, caifé, limistéar cathartha, stiúideonna agus seomraí cleachtaidh, agus amharclann a bhfuil géarghath léi faoi láthair.


Idir an dá linn, tá foireann Taisteal Gníomhach na Comhairle ag leanúint a gcuid gníomhaíochta ar an athrú comhshaoil agus iad ag dul ar aghaidh trí roinnt tionscadal ar nós an 'Bealaí Sábháilte chun na Scoile', leathnú ar na rothair TIER thar gach limistéar i bhFhine Gall agus an tionscnamh Light Up Your Bike (Déan do Rothar a Shoilsiú).

Ag teacht linn anois i séasúr na Nollag, ba mhaith liom aird a tharraingt ar roinnt fógraí na saoire:

Thar na Nollag, dúnfaidh ár n-oifigí don phobal ag 4.30in Dé hAoine, an 23 Nollaig 2022 agus athosclóidh siad ag 9.00rn Dé Máirt, an 3 Eanáir 2023. Tabhair faoi deara nach ndéanfar monatóireacht ar an mbosca isteach ag customercareunit@fingal.ie le linn na tréimhse seo, agus ba cheart glaoc ar 01 8905000 mar sin i gcás éigeandála. Is féidir aon fhaiséis ar nós amanna oscailte na Leabharlanna, na hIonaid Athchúrsála agus Pointí Bailiúcháin na gCrann Nollag a fháil anseo freisin.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom Nollaig Shona agus Athbhliain faoi Mhaise a ghabháil le gach éinne thar ceann fhoireann Fhine Gall.

-AnnMarie Farrelly



Teachtaireacht an Mhéara

Is é seo an t-am den bhliain a bhfuil go leor daoine ag tnúth leis agus tá sé thar a bheith speisialta i ngach ceann de bhailte Fhine Gall atá maisithe go hálainn i mhaisiúcháin ilchasta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh le margaí na Nollag agus imeachtaí soilsiú na crainn a chruthú a raibh an-áthas orm freastal ar agus iad chomh rathúil.

Agus muid ag súil le Bliain Nua a thabhairt isteach, tá mé ag déanamh machnaimh ar líon na ndeiseanna a bhí agam cheana féin chun taisteal timpeall an chontae agus dul i ngleic leis an oiread sin cónaitheoirí mar chuid de mo ról. Tá an oiread sin daoine ar fud Fhine Gall a bhfuil ár mbuíochas leanúnach tuillte acu as an obair atá déanta acu agus an tiomantas atá acu as cabhrú le daoine eile. Do na daoine seo go háirithe, go bhfaighidh tú am chun do scíth a ligean agus a bheith lán de fuinnimh arís agus muid ag bogadh isteach i 2023.

Tá tithíocht ar cheann de na príomhthosaíochtaí atá agam, agus mar sin bhí an-áthas orm fáilte a chur roimh an Taoiseach le déanaí chun scéim tithíochta sóisialta Tobar Muire i Mullach Eadras a oscailt go hoifigiúil ina bhfuil 65 réadmhaoin, agus is tithe tiomnaithe aoisbháúil trian díobh. Bhíomar in ann turas a dhéanamh freisin ar an bhforbairt tithíochta is mó de chuid na Comhairle ag Church Fields a sholáthróidh thart ar 1,000 teach inacmhainne agus sóisialta nua ar an láithreán 37 heictear atá faoi úinéireacht phoiblí.

I mbliana tá mé ag cur béime freisin ar an thábhachtach go bhféachfaimid ní amháin le glacadh le cumhacht na comhpháirtíochta pobail, ach go dtógfaimis an t-am le tuairimí agus eispéiris atá éagsúil lenár gcuid féin a mheas. Bhí ríméad orm Seachtain Ionchuimsiú na bliana seo a cheiliúradh, nuair a reáchtáladh go leor imeachtaí chun aird a tharraingt ar an sáróbar atá ar bun ag na grúpaí pobail agus ag an gComhairle chun raon leathan tionscnamh agus seirbhísí pobail a sheachadadh, bídis ag tacú le daoine scothaosta, baill de phobail mhionlach eitneach, daoine óga agus leanaí.

Ar ndóigh, ní bhaineann na Nollag ach le bronntanais a fháil agus am a chaitheamh le muintir, ach tráth inar cheart dúinn go léir a spreagadh chun teagmháil a dhéanamh le daoine eile. Bí cineálta lena chéile le do thoil, go háirithe iad siúd a bhféadfadh nach bhfuil teaghlach nó cairde timpeall orthu nó daoine a bhfuil ag iarradh beagán tacaíochta breise, go háirithe ag am a bhfuil sé chomh fuar.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le muintir Fhine Gall as an deis ionadaíocht a dhéanamh dóibh, agus le mo chomhchomhairleoirí as a dtacaíocht ar fad le linn sé mhí ghnóthach. Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun moladh a thabhairt d'fhoireann na Comhairle a oibríonn chomh dian sin chun saol na ndaoine mórthimpeall orthu a fheabhsú.

Mar sin, agus an ceiliúradh ag tosú, ba mhaith liom Nollaig Shona agus Athbhliain faoi Mhaise a ghuí ar gach duine i bhFhine Gall.

- Cllr Howard Mahony



Fine Gall i bhFoirm Uimhreacha

30

Ghlac grúpa pobail páirt i gClár Oíche Shamhna Níos Sábháilte Fhine Gall, a chuir gníomhaíochtaí spráíúla áineasa agus atreoraithe ar fáil do dhaoine óga le linn na seachtaine lár téarma.

96%

D'aistrigh de líon iomlán na soilse poiblí go Córas Dé-Óid Astaithe Solais (LED) sa bhliain 2022. Leanfaidh an Rannóg Soilsithe Poiblí leis an gClár LED sa bhliain 2023.

21

Léiríodh eagrán den phodchraoladh Inside Fingal le dhá bhliain anuas, le 9,486 éisteoir san iomlán le 4,862 íoslódálacha agus le 4,624 ag éisteacht ar an Idirlín

397.68

tonna gloine le haghaidh athchúrsála suas go dtí an 28 Meán Fómhair 2022

135,500

cuaríteoir ar an suíomh Gréasáin i rith Mí Mheán Fómhair le 361,600 amharc leathanaigh, an dá fhiigiúr míosúla ab airde a taifeadadh le linn na bliana 2022.

52

Tá scéim tionachta measctha i mbun obair thógála faoi láthair ag Dún Emer

362

Thosaigh duine ó gach aird an chontae ar Chúrsa Oiliúna Leibhéal 1 um Rothaíocht i gCeart an mhí seo

220

eTá r-rothar ar fáil anois ar fud an Chontae. Leathnaigh Tier an rolladh amach go dtí Port Reachrann, na Sceirí agus Baile Brigín.

Tugann an Taoiseach cuairt ar mhór-fhorbairt tithíochta nua atá ar bun i bhFine Gall



Tá tionscadal tithíochta á thógáil faoi láthair i gceann de na réigiúin is mó fáis sa tír

Lonnaithe i Mullach Eadrad, tá Fearann na hEaglais ar cheann de na forbairtí is mó de chuid Fhine Gall atá ar siúl faoi láthair le thart ar 100 teach sóisialta beagnach críochnaithe anois.

Séard a bheidh sna tithe ar thairiscint ná árasáin le seomra leapa nó dhó acu, chomh maith le tithe le trí nó ceithre sheomra leapa acu. Is meascán d'áiteanna cónaithe ar cheannach inacmhainne agus ar chíos ar chostas chomh maith le tithíocht shóisialta atá ar fáil san eastáit. Is cuid den fhorbairt freisin iad áiseanna miondíola agus an phobail. Tá an fhorbairt dírithe ar phobail inbhuanaithe a chruthú agus a chothú.

Agus breathnú á dhéanamh aige ar an bhforbairt, dúirt an Taoiseach Micheál Martin: “Is dúshlán i gcónaí é soláthar na tithíochta sóisialta chun freastal ar an riachtanais reatha agus sa todhchaí de chuid ár saoránaigh uile sa timpeallacht eacnamaíoch atá ann faoi láthair. Sin é an fáth go bhfuil an-áthas orm scéim spreagúil mar seo a fheiceáil ag dul ar aghaidh go tapa, go háirithe agus í ag cuidiú le riachtanais tithíochta sóisialta na háite.”

Tá stair mhaith ag Fine Gall ar thithe sóisialta a chur ar fáil dóibh siúd ar liosta na tithíochta agus tá sé mar aidhm ag an gComhairle thart ar 3,300 teach sóisialta nuathógtha a sheachadadh roimh an mblaiin 2026, chomh maith le 1,000 teach breise inacmhainne agus costas ar cíos a cheannach thar an tréimhse chéanna.

Níl i bhforbairt Fearann na hEaglaise ach ceann de chlár uailmhianacha tógála na Comhairle atá i bhfeidhm faoi láthair, i dteannta leo siúd sa gCheapach i mBaile Átha Cliath 11, Baile Hae sa Ros, Baile Mastúin i nDomhnach Bat agus Baile Haicéid sna Sceirí.

Dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Fhine Gall: “Tá stair maith againn ar thithíocht nua a thógáil i bhFine Gall. Ón mbliain 2015 i leith, chuireamar os cionn 9,200 teach sóisialta agus inacmhainne ar fáil do chónaitheoirí. In éineacht lenár gcomhpháirtithe, táimid geallta le 4,300 teach ar ardcháilíocht sa bhreis a chur ar fáil le raon áiseanna agus spásanna glasa thar an ceithre bhliain atá romhainn.”

Tá Nascbhóthar agus Líonra Rothaíochta Fearann na hEaglaise le tógáil freisin, tionscadal a chuimsíonn an chéad timpeallán ar nós na hÍsiltíre in Éirinn. Ceaptar go gcríochnófar é seo sa bhliain 2023.

Tar éis na cuairte aige ar Fhearann na hEaglaise, d’oscail an Taoiseach scéim tithíochta sóisialta Thobar Mhuire go hoifigiúil. Arna forbairt ag Tithíocht Clúid agus arna tógáil ar thalamh i seilbh Fhine Gall i gcroílár Mhullach Eadrad, cuimsíonn Tobar Mhuire 65 aonad cónaithe agus is tithe aoischaídiúla faoi leith iad trian díobh.

Cuirfear tús le comhaireamh síos na Nollag an deireadh seachtaine seo i bhFine Gall



Is iad seo a leanas na láithreacha agus na dátaí le haghaidh Margaí na Nollag:

- Caisleán Brí Mhór, Baile Brigín - Dé Domhnaigh 4, 11 & 18 Nollaig ó 10rn - 4in
- Scoil Bhríde Cailíní, Baile Bhlainséir - 10ú & 11ú Nollaig ó 11rn - 6in

Chun cabhrú le siopadóirí, beidh an Chomhairle ag cur páirceáil saor in aisce ar fáil sna bailte seo a leanas ar fud Fhine Gall ar feadh trí Shatharn as a chéile i mí na Nollag (10, 17 & 24 Nollaig) in ionaid íoc agus taispeána i mBaile Brigín, an Ros, Na Sceirí, Sord agus Mullach Íde (Páirc an Droichid amháin). Tá páirceáil saor in aisce ag limistéir íoc agus taispeána i gCluain Saileach gach Satharn ar feadh na bliana. Le haghaidh tuilleadh eolais ar pháirceáil saor in aisce tabhair cuairt ar: <https://>

www.fingal.ie/news/christmas-arrangements-2022-opening-times-free-parking-deadlines-etc

Beidh os cionn 50 stalla i láthair i gCaisleán Sord agus deis do pháistí a ngrianghraf a thógáil i bhfochla Daidí na Nollag thar an dá deireadh seachtaine seo chugainn, freisin ar an Domhnach seo (27 Samhain ag 4in) beidh Mullach Íde ag cur tús le séasúr na Nollag i ndáiríre le Paráid Daidí na Nollag a dhéanfaidh a bhealach síos an tSráid Nua.

Dúirt Méara Fhine Gall, Howard Mahony: “Tá os cionn 600 rannpháirtí cláraithe le páirt a ghlacadh i bParáid Daidí na Nollag Dé Domhnaigh seo i Mullach Íde. Bealach iontach a bheidh ann do gach duine tús a chur lena gcomhaireamh síos go Lá Nollag agus do dhaoine de gach aois tosú ar a liosta

mianta reatha a dhéanamh. “Ar fud ár margaí Nollag go léir, tá trádálaithe áitiúla le bheith ag taispeáint raon bronntanas, ceardaíochta agus neart bia blasta le taitneamh a bhaint as agus daoine ag siúl tríd ó stalla go stalla.”

I mbliana, beidh margaí ar siúl arís ar fud an Chontae leis an bhfeachtas “In It Together” mar fhócas atá dírithe ar thacú le gnólachtaí áitiúla. Beidh cónaitheoirí agus cuairteoirí in ann úsáid a bhaint as láithreacha páirceála saor in aisce ag príomhláithreacha roimh an Nollaig.

Íoslódáil Aip Fingal Connect chun duaiseanna a bhuachan lena n-áirítear ticéid chuig an Eispéireas Wonderlights draíochta ag Caisleán Mhullach Íde, pasanna teaghlaigh chuig maoiní oidhreachta, cuairt ar Daidí na Nollag i gCaisleán Sord, lena n-áirítear bualadh le Daidí na Nollag, grianghraf tríd ríomhphost agus bronntanas beag agus go leor eile.

Chun tuilleadh sonraí a fháil ar imeachtaí na Nollag a bheidh ar siúl, lena n-áirítear amanna oscailte Leabharlanna, Ionaid Athchúrsála agus Pointí Bailiúcháin Crann Nollag, beidh siad a nuashonrú go luath, féach le do thoil <https://www.fingal.ie/> nó lean sinn ar Facebook nó Twitter – @fingalcoco.

An Geimhreadh i Leabharlanna Fhine Gall

Rinne Comhairle Contae Fhine Gall clár spreagúil a reáchtáil i mbliana. Agus bliain eile ag teacht chun chríche againn anois, d'fhéadfá féachaint ar na cainteanna, na ceardlanna agus na seirbhísí saor in aisce de chuid Leabharlanna Fhine Gall ar féidir leo tú a spreagadh agus a thacú. Tá clár séasúrach na n-imeachtaí á chur ar fáil againn duit, lena n-áirítear am scéalaíochta na Nollag, am teaghlaigh ag do leabharlann agus ealaíona agus ceardaíocht le téama an gheimhridh agus na Nollag acu do leanaí agus do dhaoine fásta araon.

Buail leis an ealaíontóir Kim Jenkinson i Leabharlanna Bhinn Éadair agus Dhomhnach Bat chun a fhoghlaim conas feilt, olann, ribíní agus cloigíní a úsáid d'fhonn gnóim ildaite na Nollag a chruthú.

Le bheith réidh don Nollaig, glac páirt le foireann na leabharlainne i gceardlanna spráíúla idirghníomhacha ealaíon agus ceardaíochta i Leabharlanna Bhaile Dúill, Mhullach Íde, Soird, Bhaile Bhlainséir, Bhaile Gháire agus an Rois. Agus do dhaoine fásta, beidh Aoife Munn ina hóstach ar cheardlanna i Leabharlanna Mhullach Íde agus an Rois a thaispeánfaidh conas is féidir leat fleasc den stíl Lochlannach a dhéanamh duit féin as ábhair nádúrtha ar nós gearrthacha ó chrainn Nollag, ó chrainn síorghlasa, ó thoir hiodrainsia, ó chuileann agus ó chóin giúise. Is féidir na saothair áille seo a chrochadh ar an doras nó a úsáid mar ghréagáin bhoird.

Mar phléisiúr don teaghlach ar fad, beidh seisiúin Scéalaíochta na Nollag ar siúl i leabharlanna Bhaile Brigín, Bhaile Bhlainséir, Bhaile Gháire agus an Rois ina mbeidh scéalta croíúla an gheimhridh á insint.

Cuirfear imeachtaí agus gníomhaíochtaí saor in aisce ar siúl do theaghlaigh i ngach leabharlann le linn mhí na Nollag. Beidh fáilte

roimh an teaghlach go léir cuairt a thabhairt ar an leabharlann chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí spráíúla agus chun scéalta a roinnt.

Is féidir le teaghlaigh rochtain a fháil freisin ar bhailiúcháin mhóra na leabhar do pháistí, na rLeabhar agus gclosleabhar.

Bí cinnte áit a chur in áirithe roimh ré agus déan teagmháil leis an leabharlann a bheidh ina óstach don imeacht.

Ta ar clár iomlán imeachtaí an Gheimhridh le feiceáil an



Seirbhísí breise de chuid Leabharlanna Fhine Gall



Tá Leabharlanna Fhine Gall ag cur le raon na seirbhísí a chuirimid ar fáil mar fhreagairt ar riachtanais gach éinne inár bpobail. I gcomhpháirtíocht leis an NOW Group, fiontar sóisialta a thugann tacaíocht dóibh siúd a bhfuil dúshlán foghlama agus/nó an uathachas orthu, thugamar seirbhís an Jam Card isteach i ngach leabharlann Fhine Gall..

Cruthaíodh an JAM Card© ag rannpháirtithe an NOW Group a bhí deacrachtaí foghlama agus uathachais acu agus a bhí ag iarraidh teacht ar bhealach neamhfheiceálach chun a chur in iúl go bhfuil 'gan ach nóiméad (Just A Minute - JAM) cúnaimh' uathu i gcásanna áirithe. Rinneadh á fhorbairt ina dhiaidh sin mar



Cuireann sé áthas freisin ar Leabharlanna Fhine Gall a fhógairt go bhfuil teicneolaíocht chuimsitheach nua tugtha isteach acu, léitheoir phinn an C-Pen ReadervPen.

Is uirlis iniompartha póca é an C-Pen Reader Pen a scanann agus a léann focail agus línte iomlána an téacs os ard, d'fhonn tacaíocht a thabhairt do léitheoireacht agus litearthacht neamhspleách. Oireann an peann dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta mar an disléicse acu nó a bhfuil ar lagradharc. Cabhróidh an peann léitheoireachta go mór chomh maith le páistí agus le haosaigh mar phíosa teicneolaíochta dóibh siúd atá ag foghlaim an Bhéarla mar theanga iasachta.

Tabhair cuairt ar an mbrainse áitiúil de Leabharlann Fhine Gall agat le fáil amach conas peann C-Pen Reader Pen a fháil ar iasacht. Is féidir le muintir an phobail peann a fháil ar iasacht ar feadh tréimhse trí seachtaine agus beidh Reader Pen ar fáil freisin i ngach brainse de Leabharlann Fhine Gall.

Tá bronntanas ar leith 100 leabhar do pháistí atá scríofa san Úcráinis faighte ag Leabharlanna Fhine Gall chomh maith. Tá na leabhair seo dírithe ar pháistí idir 0 agus 15 bliana d'aois agus tá siad ar fáil ar iasacht ó aon Leabharlann i bhFine Gall. Táimid ag súil go dtabharfaidh siad solás do leanaí ón Úcráin agus dá gcuid teaghlach le linn na tréimhse á caitheamh acu in Éirinn.

Míle buíochas d'Edel Finn as ucht an bhronntanais fhíor-fhláthúil seo.

Tá tuilleadh eolais faoi imeachtaí agus seirbhísí na leabharlainne atá le teacht ar fáil ag do leabharlann áitiúil, ar shuíomh Gréasáin Leabharlanna Fhine Gall <https://www.fingal.ie/fingallibraries> agus ar mheáin shóisialta de chuid Leabharlanna Fhine Gall: Facebook, Instagram @librariesfingal agus Twitter @fingallibraries

Iarracht Mhór ar Chumhacht an Troitheáin



Tá muintir Fhine Gall ag tabhairt faoi na sráideanna ar TIER eBikes agus ar Bleeper Bikes, atá le feiceáil anois i mbailte agus sráidbhailte ar fud an chontae. Tar éis na scéime r-Rothar TIER a leathnú le déanaí go dtí breis agus 300 r-Rothar i bhFine Gall, thuairiscigh an chuideachta go bhfuil níos mó ná 2,500 uair an chloig rothaíochta déanta ag cónaitheoirí Fhine Gall ar r-Rothair TIER ó thús na scéime i Meitheamh na bliana seo. Tá meánfhad na dturas, os cionn 4.5km, i bhfad níos mó ná formhór na mbailte agus na gcathracha eile ina n-oibríonn TIER faoi lathair.

Dar le Stiúrthóir Comhshaoil, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Taisteal Gníomhach, David Storey, 'Tá sult á bhaint ag áitritheoirí agus cuairteoirí Fhine Gall as an rogha Taistil Gníomhach ísealcharbóin, áisiúil agus inacmhainne seo tar éis

á theacht i bhfeidhm níos luaithe sa bhliain agus táimid ag súil le móran daoine eile a fheiceáil ag baint triail as TIER eBikes sna seachtainí amach romhainn de réir mar atá líon na rothar ag dul i méid."

Tháinig an scéim eBikes de chuid an BSL i bhfeidhm freisin i lár mhí Lúnasa agus leanfaidh sí ar feadh tréimhse deich mí. Agus 3 ionad luchtaithe lonnaithe i bhFine Gall, i Sord, i Mullach Íde agus i mBinn Éadair, cuireann na rRothair BSL seo rogha áisiúil eile ar fáil dóibh siúd atá Taisteal Gníomhach roghnaithe acu mar mhodh iompair.

Déanfaidh Bleeper na r-rothair a chothabháil agus a oibriú i gcomhar leis an mbonneagar luchtaithe atá á chur ar fáil ag an BSL. Tá scéim rRothar BSL Bleeper ar fáil ón lá inniu agus is féidir teacht uirthi tríd an aip Bleeper.

Ní gá rothar a bheith agat chun dul ag rothaíocht - is féidir leat clárú le Bleeper nó le Tier chun rothar nó r-Rothar a dhíghlasáil lena húsáid aon uair is mian duit.

Tá na rothair seo oiriúnach le haghaidh turas laethúil ar an obair, ar an oiliúint nó ar na siopaí chomh maith le húsáid fóillíochta. Cibé an bhfuil tú ag smaoineamh ar dul ar rothar go dtí an trá nó go dtí an pháirc, ba cheart duit clárú inniu agus cuir tús leis na troitheáin a chasú!

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag <https://www.fingal.ie/activetravel/bikes>

Tá Snugborough Réidh le Taisteal Gníomhach

Thosaigh Roinn Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh de chuid Chomhairle Fhine Gall le déanaí ag tógáil rothar agus cosáin siúil i láthair trasna Acomhal Snugborough. Tá obair shuntasach ar siúl maidir le mór-uasghrádú seo an bhonneagair le linn na bliana 2022 agus tá tuilleadh eolais faoin dul chun cinn, lena n-áirítear físeáin imeacht ama, le fáil ag <https://www.snugboroughinterchange.ie/>

Garsprioc Nua ag Slí Chósta Fhine Gall

Tá an bealaigh is fearr atá ag teacht chun cinn do thaitneamhacht shuaitheanta Slí Cósta Fhine Gall foilsithe agus tá Comhairle Contae Fhine Gall ag spreagadh an phobail chun athbhreithniú agus tuairimí a thabhairt ar an mbealach roimh an 22 Nollaig.

Síneoidh an bealach fóillíochta agus comaitéireachta 32km seo ó Theach an Droichid Nua i nDomhnach Bat go dtí thuaidh Chaisleán Bhrí Mhór i mBaile Brigín. Ag tógaint isteach cósta iontach thuaisceart Fhine Gall nascfaidh an bealach Domhnach Bat, an Ros, Loch Sionnach, Na Sceirí agus Baile Brigín ag ligean do rothaíocht agus siúl níos sábháilte idir na bailte, agus ag an am céanna beidh radhairc áille cois cósta agus stadanna sárscéimhe ag sainchomharthaí tíre ar nós Dúnfort Droim Meánach agus Páirc Bhaile Roiséir.

Is féidir leo siúd ar spéis leo an bealach atá beartaithe a fheiceáil agus a dtuairimí a roinnt, é sin a dhéanamh ag www.fingal.ie/fingalcoastalway, áit a bhfaighidh siad sonraí ar stair an tionscadail go dtí seo. Léifidh foireann an tionscadail gach aiseolas a gheofar roimh 22 Nollaig de réir mar a leanann an obair dheartha.

Tar éis dhúnadh na céime seo den chomhairliúchán breithneofar ar dearadh an Bhealaigh is Fearr atá ag Teacht chun Cinn agus cuirfear tuairimí ón bpobal san áireamh sula bhfoilseofar an bealach deiridh i 2023.



Séasúr na Nollag i bhFine Gall





Tosaíonn pobal Shoird ag cabhrú le mórpháirc a mhúnlú don todhcaí

Tá pobal Shoird ag cuidiú le Páirc Réigiúnach Abhainn an Bhartha a mhúnlú agus tá raon smaointe á roinnt ag cónaitheoirí an bhaile maidir le cad ba mhaith leo a fheiceáil inti sa todhcaí.

Reáchtáladh an chéad seisiún rannpháirtíochta poiblí ar thodhcaí Páirc Réigiúnach Abhainn an Bhartha.

Bhuail thart ar 70 duine le foireann an tionscadail mar chuid de cheardlann idirghníomhach ag Ionad Pobail Ghleann na hAbhainn agus chríochnaigh breis agus 650 duine suirbhé ar líne ar i leith na páirce a chabhróidh leis an dearadh foriomlán a threorú agus conas ba cheart á húsáid sa todhcaí.

Thug an cheardlann phearsanta deis don phobal staid reatha na páirce a fheiceáil, cad ba mhaith leo a fheiceáil agus í á hathrú a phlé agus conas a d'fhéadfaí na spásanna inti a athshamlú do gach aois an phobail. Cuireadh bileoga gníomhaíochta le treoracha pictiúrtha ar fáil don lucht freastail chun cuidiú

leo amhairc a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear an pháirc.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal - atá á stiúradh ag Rannóg Páirceanna agus Bonneagair Ghlais Fhine Gall - fíís inbhuanaithe a chur ar fáil maidir le forbairt na páirce. Príomhghné na páirce sna blianta atá romhainn is ea cosaint agus feabhsú na hoidhreachta, na héiceolaíochta agus na bithéagsúlachta atá ann cheana féin, mar aon le naisc nua a fhorbairt laistigh den pháirc féin agus leis an gceantar níos leithne. Foilseoidh an Chomhairle tuarascáil phoiblí ar thorthaí an chéad chomhairliúcháin phobail go luath.

Ag dul ar aghaidh leis an ionchur agus leis an aiseolas luachmhar a fuarthas go dtí seo, tá dara céim an chomhairliúcháin sceideálta le tosú i gcéad leath na bliana 2023 d'fhonn cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar réamhdhearadh an tionscadail.

Tá tuilleadh eolais faoin tionscadail ar fáil ag <https://www.fingal.ie/WardRiverRegionalPark>.



Séasúr na Féile Inbhuanaithe



Agus tú ag tosú ar a bheith eagraithe agus ag tosú ag pleanáil do shéasúr na Nollag seo, b'fhiú machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leat do dhramhaíl a laghdú agus do lorg carbóin a laghdú thar shéasúr na Nollag.

Thar shéasúr na Nollag bíonn an claonadh againn an iomarca bia a cheannach agus mar thoradh air sin cruthaímid 25-30% níos mó dramhaíola bia ná mar is gnách. Astaíonn dramhaíl bia meatán agus é ag lobbhadh, agus meastar gur dramhaíl bia a chruthaíonn 8% den ghás ceaptha teasa seo ar fud an domhain. Chun tuilleadh a fhoghlaim faoin nasc idir cur amú bia agus astuithe carbóin is féidir leat alt roimhe seo ar L8 agus 9 den eagrán seo den Nuacht Fhine Gall a léamh anseo.

Sula ndéanann tú do shiopa

bia Nollag smaoinigh ar cad a bheidh uait agus cad a úsáidfídh tú. Socraigh cé mhéad duine a mbeidh tú ag cócaireacht i gcomhair agus scríobh amach liosta siopadóireachta le cuidiú leat an iomarca ceannach a sheachaint.

Déan machnamh ar an gcineál pacáistithe, más ann dó, atá ar bhia agus más féidir seachain bia atá pacáistithe le plaisteach a cheannach. Mura bhfuil tú in ann plaisteach a sheachaint, déan é a athchúrsáil i gceart san araid ghlas nó níos fearr fós, athúsáid é!

Anseo thíos tá 5 Phríomh-Leid a chabhróidh leat dramhaíl bia inseachanta a chosc.

1. Plean do biachlár fhéile. Agus tú ag pleanáil cad a bheidh tú ag cócaireacht, ligfidh tú duit liosta bia a chruthú agus tú ag déanamh do shiopa

grósaeireachta. Cuirfidh sé seo stop ort ó bheith ag ceannach comhábhair nach bhfuil uait.

2. Lig do d'aíonna riar dóibh féin. Seans gur rud aisteach é seo a dhéanamh nuair a bhíonn daoine ag dul go dtí do theach le haghaidh dinnéir, ach má dhéanann tú é seo chuirfidh tú cosc ar chodanna níos mó agus/nó ar bhia nach dtaitníonn leo a sheirbheáil ar dhaoine.

3. Bí cinnte go reoitear aon bhia atá fágtha nach dóigh leat a íosfar sna laethanta amach romhainn. Méadóidh sé a shaolré agus stopfaidh sé ó mhilleadh. Is féidir leat arán a reo freisin chun é a choinneáil úr agus ansin é a thósta nuair is mian leat é a ithe.

4. Déan baisceanna móra bia nuair a bhíonn na comhábhair agat agus reo na codanna breise ar feadh lá eile. Ní hamháin go sábhálfaidh sé seo bia ó bheith á chaitheamh amach, ach sábhálfaidh sé am duit freisin, agus thar thréimhse na Nollag is maith i gcónaí do chuid ama a úsáid chomh héifeachtach agus is féidir.

5. Bain úsáid as bia atá fágtha trína ionchorprú in oidis eile. Tá 'Leabhar Cócaireachta Oidis na Nollaig' cruthaithe ag an GCC (Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) chun stop a chur le bia a chur amú thar thréimhse na saoire. Cliceáil anseo chun an raon iontach oidis saor in aisce a fheiceáil.

Déanann Comhairle Contae Fhine Gall comhghairdeas le Grúpaí na mBailte Slachtmhara ar bhliain rathúil eile in 2022

Agus torthaí na mBailte Slachtmhara fógartha thapaigh Comhairle Contae Fhine Gall an deis buíochas a ghabháil le Coistí iontacha na mBailte Slachtmhara i bhFine Gall agus lena n-oibríthe deonacha as an obair iontach a dhéanann siad chun ár mbailte agus ár sráidbhailte a fheabhsú. Bliain an-rathúil eile a bhí inti d'Fhine Gall le buaiteoirí Ór, Airgid agus gradaim speisialta agus pointí méadaithe do na grúpaí ar fad. I gComórtas Bailte Slachtmhara SuperValu ainmníodh Baile Átha Troim i gCo na Mí mar phríomhbhuaiteoir an chéad searmanas gradam pearsanta ó thosaigh an Covid-19.

Bhuaigh Baldoyle an Gradam Tionscadal Crann náisiúnta ina 2ú bliain sa chomórtas. Bhuaigh an Ros dhá ghradam speisialta, Gradam Gníomhaíochta Aeráide agus Gradam Spriocanna Inbhuanaithe i gCatagóir na mBailte Móra agus ba iad na Sceirí buaiteoir Réigiúnach an Bhaile Mhóir i nGradam na bPailneoirí.

Bhuaigh na Sceirí duais Chontae 2ú agus chomh maith leis sin fuair siad bonn óir le 354 pointe i gCatagóir F (daonra idir 10,001 agus 15,000). Fuair Mullach Íde bonn óir arís le 347 pointe sa chatagóir G (daonra idir 15000 agus 25000). Bronnadh bonn airgid ar Sord ina Chatagóir H (daonra 25000 agus os a chionn) le 339 pointe.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Howard Mahony "Is deis iad Gradaim na mBailte Slachtmhara chun obair choistí na mBailte Slachtmhara i bhFine Gall agus ar fud na tíre a cheiliúradh. Is féidir leat an obair chrua agus an spiorad pobail seo a fheiceáil i mbun gnímh gach seachtain inár mbailte agus sráidbhailte le hoibríthe deonacha díograiseacha ag cur agus ag bailiú bruscair, ag cur le cuma a gceantair agus ag dul i bhfeidhm go mór ar a bpobail."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Cuireann obair

Choistí na mBailte Slachtmhara ar fud an Chontae go mór lena gceantair áitiúla agus is mór againn i gComhairle Contae Fhine Gall a gcuid iarrachtaí. Aithníonn na marcanna leanúnacha sármhaithe a baineadh amach an méid a chuireann siad le limistéir a choinneáil saor ó bhruscar ach freisin a dtionscnaimh a thacaíonn le pailneoirí agus plandáil crann a chuireann le bithéagsúlacht agus gníomhaíocht aeráide. Tá Roinn Oibríochtaí Fhine Gall ag tnúth le rannpháirtíocht dhearfach leanúnach leis na grúpaí seo agus iad ag obair le chéile i dtreo na forbartha inbhuanaithe i bhFine Gall."

Ag fógairt an Bhuaiteora Náisiúnta rinne an tAire Heather Humphreys comhghairdeas le Baile Átha Troim agus le oibríthe deonacha na mBailte Slachtmhara as a bheith mar an baile is slachtmhaire in Éirinn do 2022 agus lean:

"Ba mhaith liom ómós a thabhairt do na buaiteoirí go léir inniu ach, thar aon rud eile, ba mhaith liom buíochas ollmhór a ghabháil leis na mílte oibríthe deonacha na mBailte Slachtmhara ar fud na tíre. Cuireann an t-am agus an iarracht a chuir tú isteach chun do bhaile nó do shráidbhaile a dhéanamh ina áit níos fearr le rá go mór faoi do thiomantas agus do thiomantas do do phobal. Níl aon spreagadh ag baint le do chuid oibre cruá agus díograis."

Le haghaidh sonraí iomlána ar thorthaí agus tuarascálacha aonair tabhair cuairt ar <https://www.tidytowns.ie/>



Naoi ngradam d'Fhine Gall ag Gradaim Institiúide Tírdhreacha na hÉireann

Bhuaigh Comhairle Contae Fhine Gall naoi ngradam i gcúig chatagóir ag Gradaim Institiúide Tírdhreacha na hÉireann 2022 le déanaí lena n-áirítear Gradam an Uachtaráin do Thionscadal Féaraigh ar Bhinn Éadair.

Bhuaigh cúig ceann de thionscadail Fhine Gall gradaim is Fearr sa Réimse agus moladh dhá cheann go hard agus moladh ceann amháin faoi na cúig chatagóir: Tírdhreach Oidhreachta, Spás Súgartha, Pleanáil Tírdhreacha, Teoiric/Beartas & Bainistíocht Tírdhreacha agus Beartais agus Tionscnaimh Tírdhreacha.

Ba iad seo a leanas na naoi dtionscadal a bhuaigh gradaim: Athchóiriú Tí Gloine Ard Giolláin (Molta), Gairdíní Shackleton (Is Fearr sa Réimse), Clós Súgartha Pháirc Bhaile na Sceirí (Is Fearr sa Réimse), Páirc Réigiúnach Bhrí Mhór (Moladh go hard), Páirc Bhéal Átha Liag (Is Fearr sa Réimse), Straitéis Crann d'Fhine Gall (Molta go hard), Beartas Súgartha Fhine Gall (Is Fearr sa Réimse), agus Tionscadal Féaraigh ar Bhinn Éadair (Is Fearr sa Réimse agus Gradam an Uachtaráin). Agus Tionscadal Féaraigh an Bhinn Éadair á roghnú acu do Ghradam an Uachtaráin don chatagóir Beartais & Tionscnaimh Tírdhreacha, dúirt na moltóirí: "Tionscadal suaithinseach, suimiúil agus luachmhar, ag cruthú go glic an fhorbairt ghairmiúil atá ag dul ar aghaidh sa saol atá ag athrú."

Dúirt Méar Fhine Gall, an Comhairleoir Howard Mahony: "Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Comhairle Contae Fhine Gall as naonúr buaiteoirí a

bhaint amach i nGradam Institiúide Tírdhreacha na hÉireann 2022, go háirithe Gradam an Uachtaráin do 'Thionscadal Féaraigh an Bhinn Éadair'. Cuidíonn na tionscadail seo go mór le feabhas breise a chur ar áiseanna poiblí ar fud an chontae. Léiriú ar an tiomantas, an díograis agus an obair chrua atá á dhéanamh ag foireann na Comhairle chun Fine Gall a fheabhsú ar mhaithe leis an bpobal ar fad is ea an obair seo. Creidim gur léiriú dearfach é líon agus raon na ngradaim a fuarthas ar obair na Comhairle."

Dúirt an Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Is mór againn i gComhairle Contae Fhine Gall an obair atá déanta ag ár Rannán Bonneagair Ghlais agus Páirceanna agus is buaiteoirí an-fhiúntach iad ar naoi nGradam de chuid Institiúid Tírdhreacha na hÉireann. Is iontach an scéal é seo agus léiríonn sé an fuinneamh agus an obair shuntasach ar fud roinnt ranna an Chomhairle. Is mór an onóir é na gradaim seo a fháil mar aitheantas ar ár n-iarrachtaí agus is gaisce iontach é naoi ngradam a bhaint amach agus tá buíochas ar fad ag dul don fhoireann ar fad a bhí páirteach sna tionscadail éagsúla".

Cludaíonn Gradaim Institiúide Tírdhreacha na hÉireann 16 chatagóir dhifriúla oibre nó disciplíní a bhaineann leis an tírdhreach agus reáchtáiltear iad gach dhá bhliain agus déanann giúiré idirnáisiúnta de naonúr saineolaí measúnú ar thionscadail. Tugann na gradaim aitheantas do thionscadail tírdhreacha eiseamláireacha ag baill Institiúid Tírdhreacha na hÉireann (ILI) i bPoblacht na hÉireann agus baill den Institiúid Tírdhreacha ó Thuaisceart Éireann (LINI) thar raon catagóirí.




Shop Fingal this Christmas

Ceannaigh i bhFíne Gall an Nollaig seo



Win Prizes!



Duaiseanna!



**SCAN OUR QR CODES TO DOWNLOAD THE FINGAL CONNECT APP
TO SEE WHAT'S ON OFFER IN FINGAL THIS CHRISTMAS**



**SCAN AR gCÓD QR CHUN AIP FINGAL CONNECT A ÍOSLÓDÁIL
CHUN GACH A BHFUIL AR FÁIL I BHFINE GALL AN NOLLAIG SEO A FHEICEÁIL**

Find Out More: [Fingal.ie/Christmas](https://www.fingal.ie/Christmas)

Tá muid ag earcú!



Táimid ag fostú

•

Déan iarratas faoin, 16 Nollaig 2022

Tuilleadh eolais ar: www.fingal.ie/jobs


Scan ár gCód QR



Do Chomhairleoirí



Toghcheantair Aitiúil



Baile Brigin

1. Cllr. Tony Murphy
Independent
tony.murphy@cllrs.fingal.ie
086 277 2030
2. Cllr. Grainne Maguire
Independent
grainne.maguire@cllrs.fingal.ie
087 943 6650
3. Cllr. Seána Ó Rodaigh
Labour Party
seana.oroaigh@cllrs.fingal.ie
085 831 3801
4. Cllr. Tom O'Leary
Fine Gael
tom.oleary@cllrs.fingal.ie
087 245 9897
5. Cllr. Karen Power
Green Party
karen.power@cllrs.fingal.ie
089 965 4529

An Ros - Lusca

6. Cllr. Robert O'Donoghue
Labour Party
robert.odonoghue@cllrs.fingal.ie
083 0545554
7. Cllr. Adrian Henchy
Fianna Fáil
adrian.henchy@cllrs.fingal.ie
087 681 4485
8. Cllr. Brian Dennehy
Fianna Fáil
brian.dennehy@cllrs.fingal.ie
085 229 8201

9. Cllr. Cathal Boland
Independent
cathal.boland@cllrs.fingal.ie
086 257 7672

10. Cllr. Paul Mulville
Social Democrats
paul.mulville@cllrs.fingal.ie
086 378 7395

Sord

11. Cllr. Darragh Butler
Fianna Fáil
darragh.butler@cllrs.fingal.ie
087 959 5378

12. Cllr. Ian Carey
Green Party
ian.carey@cllrs.fingal.ie
086 307 4004

13. Cllr. Dean Mulligan
Independents4Change
dean.mulligan@cllrs.fingal.ie
087 966 6260

14. Cllr. Joe Newman
Independent
joe.newman@cllrs.fingal.ie
087 245 7729

15. Cllr. Brigid Manton
Fianna Fáil
brigid.manton@cllrs.fingal.ie
086 247 6596

16. Cllr. Ann Graves
Sinn Féin
ann.graves@cllrs.fingal.ie
087 272 4359

17. Cllr. James Humphreys
Labour Party

james.humphreys@cllrs.fingal.ie
083 8560832

Binn Éadair/Mullach Íde

18. Cllr. Eoghan O'Brien
Fianna Fáil
eoghan.obrien@cllrs.fingal.ie
086 858 0562

19. Cllr. David Healy
Green Party
david.healy@cllrs.fingal.ie
087 617 8852

20. Cllr. Brian Mc Donagh
Labour Party
brian.mcdonagh@cllrs.fingal.ie
086 385 8979

21. Cllr. Jimmy Guerin
Independent
jimmy.guerin@cllrs.fingal.ie
086 014 3346

22. Cllr. Aoibhinn Tormey
Fine Gael
aoibhinn.tormey@cllrs.fingal.ie
087 754 6258

23. Cllr. Anthony Lavin
Fine Gael
anthony.lavin@cllrs.fingal.ie
087 993 1329

24. Cllr. Joan Hopkins
Social Democrats
joan.hopkins@cllrs.fingal.ie
083 1031541

Caisleán Cnucha

25. Cllr. Ted Leddy
Fine Gael
ted.leddy@cllrs.fingal.ie
087 327 6630

26. Cllr. John Walsh
Labour Party
john.walsh@cllrs.fingal.ie
087 648 6228

27. Cllr. Howard Mahony
Fianna Fáil
howard.mahony@cllrs.fingal.ie
087 0506146

28. Cllr. Natalie Treacy
Sinn Féin
natalie.treacy@cllrs.fingal.ie
085 128 5493

20. Cllr. Pamela Conroy
Green Party
pamela.conroy@cllrs.fingal.ie
086 8462891

30. Cllr. Siobhan Shovlin
Fine Gael
siobhan.shovlin@cllrs.fingal.ie
087 3984778

Ongar

31. Cllr. Tania Doyle
Independent
tania.doyle@cllrs.fingal.ie
085 780 9292

32. Cllr. Tom Kitt
Fianna Fáil
tom.kitt@cllrs.fingal.ie
086 199 5801

33. Cllr. Daniel Whooley
Green Party
daniel.whooley@cllrs.fingal.ie
087 397 8024

34. Cllr. Kieran Dennison
Fine Gael
kieran.dennison@cllrs.fingal.ie
087 259 5949

35. Cllr. Angela Donnelly
Sinn Féin
angela.donnelly@cllrs.fingal.ie
087 6730137

Baile Bhlainséir - Mullach Eadrad

36. Cllr. Mary McCamley
Labour Party
mary.mccamley@cllrs.fingal.ie
087 650 1441

37. Cllr. Breda Hanaphy
Sinn Féin
breda.hanaphy@cllrs.fingal.ie
087 162 0917

38. Cllr. John Burtachaell
Solidarity
john.burtachaell@cllrs.fingal.ie
087 102 9372

39. Cllr. Punam Rane
Fine Gael
punam.rane@cllrs.fingal.ie
089 254 4372

40. Cllr. John-Kingsley
Onumereh
Fianna Fáil
jk.onumereh@cllrs.fingal.ie
089 9642783